



BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

an 30 Aibreán 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Treoir 2014/41/AE – Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla – Fianaise a fháil atá i seilbh údaráis inniúla an Stáit fhorghníomhaithigh cheana féin – Coinníollacha eisiúna – Seirbhís teileachumarsáide criptithe – EncroChat – Gá le cinneadh ón gcúirt – Úsáid fianaise a fuarthas de shárú ar dhlí an Aontais)

I gCás C-670/22,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ó Landgericht Berlin (Cúirt Réigiúnach, Beirlín, an Ghearmáin), trí bhreith an 19 Deireadh Fómhair 2022, a fuarthas ag an gCúirt Bhreithiúnais an 24 Deireadh Fómhair 2022, sna himeachtaí coiriúla i gcoinne

M.N.,

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, L. Bay Larsen, Leas-Uachtarán, A. Prechal, K. Jürimäe (Rapóirtéir), C. Lycourgos, T. von Danwitz, Z. Csehi agus O. Spineanu-Matei, Uachtaráin Dhlísheomraí, M. Ilešič, J.-C. Bonichot, I. Jarukaitis, A. Kumin, D. Gratsias, M. L. Arastey Sahún agus M. Gavalec, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: T. Ćapeta,

Cláraitheoir: D. Dittert, Ceann Aonaid, agus K. Hötzel, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 4 Iúil 2023,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

- Staatsanwaltschaft Berlin, ag R. Pützhoven agus J. Raupach, i gcáil Gníomhairí,
- M.N., ag S. Conen, Rechtsanwalt,
- Rialtas na Gearmáine, ag J. Möller, P. Busche agus M. Hellmann, i gcáil Gníomhairí,
- Rialtas na Seice, ag L. Halajová, M. Smolek, agus T. Suchá, i gcáil Gníomhairí,
- Rialtas na hEastóine, ag M. Kriisa, i gcáil Gníomhaire,

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

- Éire, ag M. Browne, Príomh-Atur nae Stáit, M. A. Joyce agus D. O'Reilly, i gcáil Gníomhairí, le cúnaimh ó D. Fennelly, BL,
- Rialtas na Spáinne, ag A. Gavela Llopis agus A. Pérez-Zurita Gutiérrez, i gcáil Gníomhairí,
- Rialtas na Fraince, ag G. Bain agus R. Bénard, B. Dourthe, B. Fodda agus T. Stéhelin, i gcáil Gníomhairí,
- Rialtas na hUngáire, ag Z. Fehér, i gcáil Gníomhaire,
- Rialtas na hÍsiltíre, ag K. Bulterman, A. Hanje agus J. Langer, i gcáil Gníomhairí,
- Rialtas na Polainne, ag B. Majczyna, i gcáil Gníomhaire,
- Rialtas na Sualainne, ag F.-L. Göransson agus H. Shev, i gcáil Gníomhairí,
- an Coimisiún Eorpach, ag H. Leupold, M. Wasmeier agus F. Wilman, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 26 Deireadh Fómhair 2023, an Breithiúnas seo a leanas

Breithiúnas

- 1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 2(c), Airteagal 6(1) agus Airteagal 31 de Threoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla (IO 2014 L 130, lch. 1), agus le léiriú phrionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta.
- 2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí coiriúla a tionscnaíodh i gcoinne M.N. agus baineann sí le dlíthiúlacht trí chinneadh imscrúdaithe Eorpacha, arna n-eisiúint ag an Generalstaatsanwaltschaft Frankfurt am Main (Oifig Ionchúisitheoir Poiblí Frankfurt am Main, an Ghearmáin) ('Oifig Ionchúisitheoir Poiblí Frankfurt').

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Treoir 2002/58/CE

- 3 Leagtar amach in Airteagal 15(1) de Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonaigh) (IO 2002 L 201, lch. 37) mar seo a leanas:

'Féadfaidh na Ballstáit bearta reachtacha a ghlacadh chun raon feidhme na gceart agus na n-oibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 5 agus 6, Airteagal 8(1), (2), (3) agus (4) agus in Airteagal 9 den Treoir seo a shrianadh nuair is beart riachtanach, iomchuí, comhréireach é srianadh den chineál sin laistigh de

shochaí dhaonlathach chun an tslándáil náisiúnta (i.e. slándáil an Stáit), an chosaint agus an tslándáil phoiblí a shlánchoimeád nó chun cionta coiriúla nó úsáid neamhúdaraithe an chórais cumarsáide leictreonaí, dá dtagraítear in Airteagal 13(1) de Threoir 95/46/CE [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO 1995 L 281, lch. 31).], a chosc, a fhiosrú, a bhrath agus a ionchúiseamh. [...] Beidh gach beart dá dtagraítear sa mhír seo i gcomhréir le prionsabail ghinearálta dhlí an Chomhphobail, lena n-áirítear iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 6(1) agus (2) [CAE].’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2014/41

4 Léitear aithrisí 2, 5 go 8, 19 agus 30 de Threoir 2014/41 mar a leanas:

‘(2) De bhun Airteagal 82(1) [CFAE], déanfar an comhar breithiúnach in ábhair choiriúla san Aontas [Eorpach] a bhunú ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do bhreithiúnais agus do chinntí breithiúnacha, dá ngairtear go coitianta, ón gComhairle Eorpach in Tampere an 15 agus an 16 Deireadh Fómhair 1999, bunchloch an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla laistigh den Aontas.

[...]

(5) Ó glacadh Cinntí Réime [2003/577/CGB ón gComhairle an 22 Iúil 2003 maidir le horduithe a fhorghníomhú san Aontas Eorpach d’fhonn maoin nó fianaise a chalcadh (IO 2003 L 196, lch. 45)] agus [ón gComhairle 2008/978/CGB [an 18 Nollaig 2008 maidir leis an mBarántas Fianaise Eorpach chun earraí, doiciméid agus sonraí a fháil le húsáid in imeachtaí in ábhair choiriúla (IO 2008 L 350, lch. 72)], is léir anois go bhfuil an creat atá ann cheana maidir le fianaise a ghlacadh ró-ilroinnte agus róchasta. Dá bhrí sin, tá gá le cur chuige nua.

(6) I gClár Stóicólm a ghlac an Chomhairle Eorpach an 10 agus 11 Nollaig 2009, mheas an Chomhairle Eorpach gur cheart córas cuimsitheach a chur ar bun chun fianaise a fháil i gcásanna a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo, bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a shaothrú tuilleadh. Chuir an Chomhairle Eorpach in iúl gur chóras ilroinnte iad na hionstraimí láithreacha agus gur ghá cur chuige nua a bheith ann, bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, ach solúbthacht chórais traidisiúnta cúnaimh fhrithpháirtigh dhlíthiúil á chur san áireamh freisin. Dá bhrí sin, d’iarr an Chomhairle Eorpach córas cuimsitheach chun ionstraimí nua a chur in ionad na n-ionstraimí láithreacha uile, lena n-áirítear Cinneadh Réime 2008/978/CGB, a chuimseodh gach cineál fianaise, a raibh spriocdhátaí orthu lena bhforfheidhmiú agus a chuirfeadh teorainn leis na forais do dhiúltú chomh fada agus ab fhéidir.

(7) Tá an cur chuige nua sin bunaithe ar ionstraim aonair ar a dtugtar ‘Ordú Imscrúdaithe Eorpach (OIE)’. Tá OIE le heisiúint chun beart sonrach imscrúdaitheach amháin nó níos mó a dhéanamh sa Stát a bhfuil OIE á fhorghníomhú aige (‘an Stát forghníomhaithe’) d’fhonn fianaise a bhailiú. Áirítear leis sin fianaise a fháil atá i seilbh an údaráis forghníomhaithe cheana féin.

(8) Ba cheart go mbeadh raon feidhme cothrománach ag an OIE agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh feidhm aige maidir le gach beart imscrúdaitheach atá dírithe ar fhianaise a bhailiú. Tá gá le rialacha sonracha, áfach, i leith comhfhoireann imscrúdaithe a bhunú agus fianaise a bhailiú laistigh d'fhoireann den sórt sin, agus is fearr déileáil leo ar leith. Gan dochar do chur i bhfeidhm na Treorach seo, ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh feidhm ag ionstraimí láithreacha maidir leis an gcineál beart imscrúdaitheach seo.

[...]

(19) Tá cruthú limistéir saoirse, slándála agus ceartais laistigh den Aontas bunaithe ar mhuintir fhrithpháirteach agus ar thoimhde géilliúlachta a bheith ag Ballstáit eile le dlí an Aontais agus, go háirithe, le cearta bunúsacha. Mar sin féin, tá an toimhde sin infhrisnéise. Dá bhrí sin, má tá forais shubstainteacha ann lena chreidiúint go sárófaí ceart bunúsach an duine lena mbaineann de bharr beart imscrúdaitheach agus go ndéanfaidh an Stát forghníomhaithe neamhaird ar a oibleagáidí maidir le cosaint na gceart bunúsach a aithnítear leis an gCairt [um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), ba cheart forghníomhú an OIE a dhiúltú.

[...]

(30) Níor cheart go mbeadh féidearthachtaí chun comhoibriú faoin Treoir seo maidir le hidircheapadh teileachumarsáide teoranta d'inneachar na teileachumarsáide, ach d'fhéadfaí a áireamh leo bailiú sonraí tráchta agus súmh atá comhlachaithe leis an teileachumarsáid sin, lena lamháiltear d'údaráis inniúla OIE a eisiúint chun sonraí teileachumarsáide nach bhfuil chomh hionsáiteach a fháil. Ba cheart déileáil le OIE a eisíodh chun sonraí stairiúla tráchta agus súmh a bhaineann le teileachumarsáid faoin réimeas ginearálta a bhaineann le forghníomhú an OIE agus féadfar é a bhreithniú, ag brath ar dhlí náisiúnta an Stáit forghníomhaithe, mar bheart imscrúdaitheach ionsáiteach.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Faoin gceannteideal 'An tOrdú Imscrúdaithe Eorpach agus oibleagáid é a fhorghníomhú', luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 1 den Treoir sin:

'1. Is cinneadh breithiúnach é an tOrdú Imscrúdaithe Eorpach (OIE) arna eisiúint nó arna bhailíochtú ag údarás breithiúnach Ballstáit ('an Stát eisiúna') chun beart imscrúdaitheach sonracha amháin nó roinnt bearta imscrúdaitheacha sonracha a dhéanamh i mBallstát eile ('an Stát forghníomhaitheach') chun fianaise a fháil i gcomhréir leis an Treoir seo.

Féadfar OIE a eisiúint freisin chun fianaise a fháil atá i seilbh údaráis inniúla an Stáit forghníomhaithigh cheana féin.

2. Déanfaidh na Ballstáit OIE a fhorghníomhú ar bhonn phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh agus i gcomhréir leis an Treoir seo.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 De réir théarmaí Airteagal 2 den Treoir sin, dar teideal ‘Sainmhínithe’:

‘Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

c) ciallaíonn “údarás eisiúna”:

- i) breitheamh, cúirt, breitheamh imscrúdaithe nó ionchúisitheoir poiblí atá inniúil sa chás lena mbaineann; nó
- ii) aon údarás inniúil eile arna shainiú ag an Stát eisiúna atá ag feidhmiú, sa chás sonrach sin, mar údarás imscrúdaithe in imeachtaí coiriúla agus atá inniúil chun bailiú fianaise a ordú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ina theannta sin, sula dtarchuirfear chuig an údarás forghníomhaitheach é, déanfaidh breitheamh, cúirt, breitheamh imscrúdaithe nó ionchúisitheoir poiblí sa Stát eisiúna OIE a bhailíochtú, tar éis scrúdú a dhéanamh ar a chomhréireacht leis na coinníollacha chun OIE a eisiúint faoin Treoir seo, go háirithe na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 6(1). I gcás ina raibh OIE bailíochtaithe ag údarás breithiúnach, féadfaidh an t-údarás sin gníomhú freisin mar údarás eisiúna chun críocha an OIE a tharchur;

d) ciallaíonn “údarás forghníomhaitheach” údarás a bhfuil inniúlacht aige OIE a aithint agus a fhorghníomhú a áirithiú i gcomhréir leis an Treoir seo agus leis na nósanna imeachta is infheidhme i gcás intíre comhchosúil. Féadfaidh nósanna imeachta den sórt sin údarú cúirte a éileamh sa Stát forghníomhaitheach i gcás ina bhforáiltear dó sin faoin dlí náisiúnta.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 In Airteagal 4 den Treoir sin, dar teideal ‘Cineálacha imeachtaí inar féidir an OIE a eisiúint’, luaitear an méid seo a leanas:

‘Féadfar OIE a eisiúint:

- a) maidir le himeachtaí coiriúla a thionscnaíonn údarás breithiúnach, nó a fhéadfar a thabhairt os comhair údarás breithiúnach i leith cion coiriúil faoi dhlí náisiúnta an Stáit eisiúna;

[...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear le hAirteagal 6 de Threoir 2014/41, dar teideal ‘Coinníollacha chun OIE a eisiúint agus a tharchur’:

‘1. Ní fhéadfaidh an t-údarás eisiúna OIE a eisiúint ach amháin i gcás inar comhlíonadh na coinníollacha seo a leanas:

- a) tá eisiúint an OIE riachtanach agus comhréireach chun críche na n-imeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 4 agus cearta an duine atá faoi amhras nó atá cúisithe á gcur san áireamh; agus
- b) d’fhéadfaí an beart imscrúdaitheach nó na bearta imscrúdaitheacha a luaitear san OIE a ordú faoi na coinníollacha céanna i gcás inchomparáide náisiúnta.

2. Déanfaidh an t-údarás eisiúna na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 a mheasúnú i ngach cás.
3. I gcás ina bhfuil cúis ag an údarás forghníomhaitheach lena chreidiúint nár comhlíonadh na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh sé dul i gcomhairle leis an údarás eisiúna maidir leis an tábhacht a bhaineann leis OIE a fhorghníomhú. Tar éis an chomhairliúcháin sin, féadfaidh an t-údarás eisiúna a chinneadh OIE a tharraingt siar.'
- 9 Seo foclaíocht Airteagal 14 den Treoir sin, dar teideal 'Leigheasanna dlí':
- '1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh leigheasanna dlí atá coibhéiseach leo siúd atá ar fáil i gcás baile comhchosúil, infheidhme maidir leis na bearta imscrúdaitheacha a luaitear san OIE.
- [...]
7. Cuirfidh an Stát eisiúna san áireamh agóid rathúil i gcoinne OIE a aithint nó a fhorghníomhú i gcomhréir lena dhlí náisiúnta féin. Gan dochar do rialacha nós imeachta náisiúnta, áiritheoidh na Ballstáit go n-urramófar, in imeachtaí coiriúla sa Stát eisiúna, cearta na cosanta agus chothroime na n-imeachtaí agus measúnú á dhéanamh acu ar fhianaise a fuarthas tríd an OIE.'
- 10 In Airteagal 30 den Treoir sin, dar teideal 'Teileachumarsáid a idircheapadh le cúnamh teicniúil ó Bhallstát eile', luaitear an méid seo a leanas:
- '1. Féadfar OIE a eisiúint chunteileachumarsáid a idircheapadh sa Bhallstát ina bhfuil cúnamh teicniúil ag teastáil.
- [...]
7. Nuair a bheidh OIE á eisiúint dá dtagraítear i mír 1 nó le linn an idircheaptha, féadfaidh an t-údarás eisiúna, tras-scríobh, díchódú nó díchripiú an taifid a iarraidh chomh maith i gcás ina bhfuil cúis ar leith ann amhlaidh a dhéanamh, faoi réir chomhaontú an údaráis forghníomhaithe.
8. Íocfar na costais a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Airteagail seo i gcomhréir le hAirteagal 21, ach amháin na costais a eascraíonn as tras-scríobh, díchódú agus díchripiú na gcumarsáidí idircheaptha a íocfaidh an Stát eisiúna.'
- [Aistriúchán neamhoifigiúil]
- 11 Foráiltear le hAirteagal 31 den Treoir sin, dar teideal 'Fógra an Bhallstáit ina bhfuil an duine is ábhar don idircheapadh nach bhfuil aon chúnamh teicniúil ag teastáil uaidh':
- '1. Más rud é, chun críche beart imscrúdaitheach a dhéanamh, go n-údaraíonn údarás inniúil Ballstáit amháin ('Ballstát an idircheaptha') teileachumarsáidí a idircheapadh agus go bhfuil seoladh cumarsáide an duine is ábhar don idircheapadh atá sonraithe san ordú idircheaptha á úsáid ar chríoch Ballstáit eile ('an Ballstát dá dtugtar fógra') nach bhfuil aon chúnamh teicniúil ag teastáil uaidh chun an t-idircheapadh a dhéanamh, tabharfaidh an Ballstát a dhéanann an t-idircheapadh fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit dár tugadh fógra maidir leis an idircheapadh:
- a) roimh an idircheapadh i gcásanna inarb eol d'údarás inniúil Bhallstát an idircheaptha, tráth an t-idircheapadh a ordú, go bhfuil nó go mbeidh an duine is ábhar don idircheapadh ar chríoch an Bhallstáit dár tugadh fógra;

b) le linn an idircheaptha nó tar éis don idircheapadh a bheith déanta, díreach tar éis dó teacht ar an eolas go bhfuil nó go raibh an duine is ábhar don idircheapadh le linn an idircheaptha, ar chríoch an Bhallstáit dá dtugtar fógra.

2. Tabharfar an fógra dá dtagraítear i mír 1 trí úsáid a bhaint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn C.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

3. Féadfaidh údarás inniúil na mBallstát a dtugtar fógra ina leith, i gcás nach n-údarófaí don idircheapadh i gcás baile comhchosúil, fógra a thabhairt, gan mhoill agus laistigh de 96 uair an chloig ar a dhéanaí tar éis dó an fhógraíocht a fháil dá dtagraítear i mír 1, d'údarás inniúil Bhallstát an idircheaptha:

a) nach bhféadfar an t-idircheapadh a dhéanamh nó go bhfoirceannfar é; agus

b) i gcás inar gá, nach féidir aon ábhar atá idircheaptha cheana fad a bhí ábhar an idircheaptha ar a chríoch a úsáid, nó nach bhféadfaí é a úsáid ach faoi choinníollacha a shonróidh sé. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit ar tugadh fógra ina leith údarás inniúil Bhallstát an idircheaptha ar an eolas faoi na cúiseanna lena dtugtar údar leis na coinníollacha sin.

[...]

12 In Airteagal 33 de Threoir 2014/41, dar teideal ‘Fógraí’, liostaítear, i mír 1, an fhaisnéis nach mór a chur in iúl agus a chur ar fáil do na Ballstáit uile agus don Ghréasán Breithiúnach Eorpach (EJN) arna chruthú le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 98/428/CGB an 29 Meitheamh 1998, arna ghlacadh ag an gComhairle ar bhonn Airteagal K.3 [AE] maidir le Gréasán Breithiúnach Eorpach a chruthú (IO 1998 L 191, lch. 4).

Dlí na Gearmáine

13 Tá idircheapadh teileachumarsáide chun críocha ionchúisimh choiriúil á rialú ag an Strafprozessordnung (StPO) (Cód um Nós Imeachta Coiriúil) (‘an StPO’).

14 Údaráítear leis an gcéad abairt go dtí an tríú habairt d’Airteagal 100a(1) de StPO, faoi seach, rialú a dhéanamh ar chumarsáid leanúnach i bhfoirm rialú teileachumarsáide ‘traidisiúnta’, faireachán a dhéanamh ar chumarsáid leanúnach trí earraí spaireachta a shuiteáil ar chríoch-ghléasanna (‘teileachumarsáid a idircheapadh ag an bhfoinse’) agus teachtaireachtaí críochnaithe atá taifeadta cheana ar fheiste a urghabháil ar dháta eisiúna ordú Landgericht (an Chúirt Réigiúnach, an Ghearmáin) lena n-ordaítear an beart lena mbaineann (‘cuardach srianta ar líne’). Faoi Airteagal 100b de StPO, is féidir na sonraí uile arna dtaifeadadh ar chríoch-ghléasanna a léamh (‘cuardach ar líne’).

15 Toimhdítear leis na bearta sin go léir go bhfuil amhras nithiúil ann go bhfuil cion coiriúil ann, go bhfuil catagóir na ngníomhartha coiriúla dá dtagraítear teoranta d’fhórais áirithe a liostaítear in Airteagal 100a(2), agus in Airteagal 100b(2), de StPO.

- 16 Ina theannta sin, faoi Airteagal 100e(1) agus (2) de StPO, ní fhéadfaidh an Landgericht (an Chúirt Réigiúnach) na bearta sin a ordú ach amháin arna iarraidh sin don ionchúisitheoir poiblí lena mbaineann. Chuige sin, i gcomhréir le hAirteagal 100e(2) de StPO, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 74a(4) den Gerichtsverfassungsgesetz (GVG) (Dlí maidir le heagrú na mbreithiúna) an 12 Meán Fómhair 1950 (BGBl. 1950 I, lch. 455), tagann cuardach ar líne faoi dhlínse eisiach dlísheomra speisialaithe den Landgericht (Cúirt Réigiúnach) sin.
- 17 Ní chinntear go sainráite an t-údarás atá inniúil ar OIEnna a eisiúint sa Gesetz über die internationale Rechtshilfe in Strafsachen (IRG) (Dlí maidir le cúnaimh dlíthiúil idirnáisiúnta in ábhair choiriúla) an 23 Nollaig 1982 (BGBl. 1982 I, lch. 2071), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí ('IRG'). Trí thagairt a dhéanamh d'Airteagal 161 de StPO, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí OIE atá dírithe ar rialú na teileachumarsáide thar lear a ghlacadh le linn an imscrúdaithe roimh an díotáil.
- 18 Foráiltear le hAirteagal 91(6) de IRG, lena dtrasuitear Airteagal 31 de Threoir 2014/41 i ndlí na Gearmáine, nach mór don údarás inniúil, a dtugann Ballstát fógra dó go bhfuil sé ar intinn aige beart idircheaptha a dhéanamh ar chríoch na Gearmáine, cur chun feidhme an bhirt sin nó úsáid na sonraí idircheaptha a thoirmeasc tráth nach déanaí ná 96 uair an chloig nó úsáid a bhaint as sonraí den sórt sin faoi réir coinníollacha i gcás nach n-údaráitear an beart sin ar an leibhéal náisiúnta i gcás inchomparáide. Ní shonraíonn IRG, áfach, an gá fógra a thabhairt don Landgericht inniúil (an Chúirt Réigiúnach) nó don ionchúisitheoir poiblí lena mbaineann faoin mbeart céanna. Ní rialáitear le hAirteagal 92d de IRG ach inniúlacht gheografach an údaráis inniúil.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú

- 19 I gcomhthéacs imscrúdú a rinne údaráis na Fraince, ba léir go raibh daoine cúisithe ag baint úsáid as fóin phóca chriptithe a d'oibrigh faoi cheadúnas ar a dtugtar 'EncroChat' chun cionta a dhéanamh a bhain go príomha le gáinneáil ar dhruaí. Leis na fóin phóca sin, bhíothas in ann, trí bhíthin bogearraí speisialta agus crua-earraí modhnaithe, cumarsáid chriptithe ó cheann go ceann a bhunú trí fhreastalaí atá suiteáilte in Roubaix (an Fhrainc), ar cumarsáid í nach féidir a idircheapadh trí mhodhanna imscrúdaitheacha traidisiúnta ('an tseirbhís EncroChat').
- 20 D'éirigh le póilíní na Fraince, le cead ó bhreitheamh, sonraí a shábháil ón bhfreastalaí sin in 2018 agus 2019. Chuir na sonraí sin ar chumas comhfhoirne imscrúdaithe, lena n-áirítear saineolaithe ón Ísiltír, bogearraí de chineál 'Capall na Traí' a fhorbairt. Suiteáladh na bogearraí seo in earrach na bliana 2020, le húdarú an tribunal correctionnel de Lille (Cúirt Choiriúil, Lille, an Fhrainc), ar an bhfreastalaí sin agus, as sin, ar fhóin phóca sin trí nuashonrú insamhlaithe. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag na bogearraí sin ar 32 477 úsáideoir, as iomlán de 66 134 úsáideoir cláraithe, scaipthe ar fud 122 tír, lena n-áirítear thart ar 4 600 sa Ghearmáin.
- 21 An 9 Márta 2020, bhí ionadaithe ón Bundeskriminalamt (Oifig Phóilíní Coiriúla na Cónaidhme, an Ghearmáin) ('BKA') agus Oifig Ionchúisitheoir Poiblí Frankfurt, chomh maith le hionadaithe, go háirithe, ó údaráis na Fraince, na hÍsiltíre agus na Ríochta Aontaithe, páirt i bhfíschomhdháil arna heagrú ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust). Le linn na comhdhála sin, chuir ionadaithe údaráis na Fraince agus na hÍsiltíre ionadaithe údaráis na mBallstát eile ar an eolas faoin imscrúdú a bhí á dhéanamh acu i gcoinne cuideachta

oibriúcháin fón póca criptithe agus faoi idircheapadh na sonraí a bhí beartaithe acu, lena n-áirítear sonraí ó fhóin phóca a bhí lonnaithe lasmuigh den Fhrainc. Léirigh ionadaithe údaráis na Gearmáine spéis i sonraí úsáideoirí na Gearmáine.

- 22 I nóta an 13 Márta 2020, d'fhógair an BKA go raibh sé ag oscailt imscrúdú i gcoinne grúpa anaithnid úsáideoirí na seirbhíse EncroChat maidir le gáinneáil eagraithe líomhnaithe támhshuanacha i gcainníochtaí suntasacha agus maidir le comhlachas coiriúil. Thug BKA údar leis an imscrúdú sin a oscailt trína mhíniú go raibh amhras ann go ndearnadh coireanna tromchúiseacha mar gheall ar úsáid sheirbhís EncroChat ann féin, go háirithe eagrú na gáinneála ar dhrugaí.
- 23 Ar bhonn an nóta sin, an 20 Márta 2020, d'oscail Oifig Ionchúisitheoir Poiblí Frankfurt imscrúdú i gcoinne X ('imeachtaí UJs') faoin gceannteideal 'Práinneach'.
- 24 An 27 Márta 2020, fuair an BKA, trí chóras malartaithe faisnéise slán Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), ar a dtugtar 'Feidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise' (SIENA), teachtaireacht a sheol an chomhfhoireann imscrúdaithe chuig údaráis phóilíneachta na mBallstát a bhfuil suim acu i sonraí ón tseirbhís EncroChat. Iarradh ar údaráis inniúla na mBallstát sin a dhearbhú i scríbhinn gur cuireadh ar an eolas iad faoi na modhanna a úsáideadh chun sonraí a bhailiú ó fhóin phóca atá suite ar a gcríoch náisiúnta. B'éigean dóibh a áirithiú freisin nach n-úsáidfí na sonraí a tharchuirtear i bprionsabal ach amháin chun críocha oibríochtúla agus nach n-úsáidfí iad ach amháin le haghaidh nósanna imeachta imscrúdaithe leanúnacha tar éis údarú a fháil ó na Ballstáit den chomhfhoireann imscrúdaithe. De réir na cúirte a rinne an tarchur, bhí sé i gcomhaontú le hOifig Ionchúisitheoir Poiblí Frankfurt gur sheol BKA na deimhnithe a iarradh.
- 25 Idir an 3 Aibreán agus an 28 Meitheamh 2020, cheadaigh BKA na sonraí laethúla ar fhreastalaí Europol maidir le fóin phóca a úsáidtear sa Ghearmáin.
- 26 An 2 Meitheamh 2020, i gcomhthéacs imeachtaí UJs, d'iarr Oifig Ionchúisitheoir Poiblí Frankfurt ar údaráis na Fraince, trí bhíthin an chéad chinnidh imscrúdaithe Eorpaigh, údarú a fháil chun sonraí ón tseirbhís EncroChat a úsáid gan srian in imeachtaí coiriúla. Thug sé údar maith lena iarratas trína mhíniú gur chuir Europol in iúl don BKA go raibh líon mór cionta an-tromchúiseach, go háirithe allmhairiú agus gáinneáil támhshuanacha i gcainníochtaí suntasacha, á ndéanamh sa Ghearmáin ag baint úsáid as fóin phóca a raibh an tseirbhís seo feistithe orthu agus go raibh amhras ar dhaoine nár aithníodh go dtí seo go raibh siad ag pleanáil agus ag déanamh cionta an-tromchúiseach sa Ghearmáin trí úsáid a bhaint as cumarsáid chriptithe.
- 27 Tar éis na hiarrata sin, d'údaraigh an tribunal correctionnel de Lille (Cúirt Choiriúil, Lille) sonraí fón póca a bhí feistithe le seirbhís EncroChat úsáideoirí Gearmánacha a tharchur agus a úsáid sa chúirt. Tarchuireadh sonraí breise ina dhiaidh sin de bhun dhá chinneadh imscrúdaithe Eorpacha forlíontacha, dar dáta an 9 Meán Fómhair 2020 agus an 2 Iúil 2021 faoi seach (arna nglacadh in éineacht leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach an 2 Meitheamh 2020, (na 'Orduithe Imscrúdaithe Eorpacha').

- 28 Ina dhiaidh sin, scar Oifig Ionchúisitheoir Poiblí Frankfurt le himeachtaí UJs, ag athshannadh na n-imeachtaí imscrúdaithe i gcoinne úsáideoirí áirithe, lena n-áirítear M.N., chuig oifigí ionchúisitheoirí poiblí áitiúla. Is sa chomhthéacs sin a cheistíonn Landgericht Berlin (an Chúirt Réigiúnach, Beirlín, an Ghearmáin), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, dlíthiúlacht na n-orduithe imscrúdaithe Eorpacha i bhfianaise Threoir 2014/41.
- 29 Leis an gcéad sraith de thrí cheist, féachann an chúirt sin lena chinneadh cén t-údarás a bhí inniúil chun OIEnna a ghlacadh.
- 30 I ndáil leis sin, in Ordú an 2 Márta 2022 a tugadh i gCás 5 StR 457/21 (DE:BGH:2022:020322B5STR457.21.0), chinn Bundesgerichtshof (Cúirt Bhreithiúnais Chónaidhme na Gearmáine) go raibh dlínse ag Oifig Ionchúisitheoir Poiblí Frankfurt, atá ag imscrúdú i gcomhthéacs imeachtaí UJs, Orduithe Imscrúdaithe Eorpacha a eisiúint maidir le fianaise a tharchur ('Ordú Chúirt Bhreithiúnais na Cónaidhme an 2 Márta 2022'). Ní aontaíonn an chúirt a rinne an tarchur leis an léiriú sin. Is iondúil go measann sí, i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Threoir 2014/41, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(c) den Treoir sin, nach bhféadfadh ach cúirt na OIEnna a dhéanamh.
- 31 Tá an chúirt a rinne an tarchur ag brath, i ndáil leis sin, ar bhreithiúnais an 2 Márta 2021, *Prokuratuur (Coinníollacha chun sonraí a bhaineann le cumarsáid leictreonach a rochtain)* (C-746/18, EU:C:2021:152), agus an 16 Nollaig 2021, *Spetsializirana prokuratura (Sonraí tráchta agus suímh)* (C-724/19, EU:C:2021:1020). Braitheann sé, go sonrach, ar na hargóintí a dhírigh an Chúirt, sa chásdlí a d'eascair as na breithiúnais sin, ar léiriú Airteagal 15(1) de Threoir 2002/58 i bhfianaise na gceart bunúsach a dhíorthaítear ó Airteagail 7, 8 agus 11 den Chairt. De réir na cúirte sin, d'fhéadfaí an cásdlí seo a thrasú go léiriú ar Airteagal 6(1)(a) de Threoir 2014/41.
- 32 Ba cheart go mbeadh rochtain ag údarais ionchúisimh na Gearmáine ar shonraí ón tseirbhís EncroChat trí orduithe imscrúdaithe Eorpacha faoi réir critéir atá cosúil leis na critéir lena rialaítear rochtain ar shonraí arna stóráil de bhun Airteagal 15(1) de Threoir 2002/58. Ós rud é nár shábháil oibreoir teileachumarsáide na sonraí ón tseirbhís seo trí urghaire riaracháin, ach gur bhailigh údarais ionchúisimh na Fraince iad láithreach, ní bheadh údar le réiteach eile. Os a choinne sin, chuirfeadh sé sin leis an gcur isteach ar chearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann.
- 33 Thairis sin, is léir ó Airteagal 2(c) de Threoir 2014/41 gur cheart i gcónaí do chúirt nach bhfuil freagrach as na bearta imscrúdaitheacha sonracha OIE a dhéanamh chun críocha ionchúisimh choiriúil, beag beann ar na rialacha dlínse náisiúnta i gcás inchomparáide ar an leibhéal náisiúnta, i gcás ina gceanglaítear leis an athbhreithniú ar chomhréireacht dá bhforáiltear in Airteagal 6(1)(a) den Treoir sin go ndéanfar cothromaíocht chasta idir na leasanna lena mbaineann agus go mbaineann sé le sáruithe tromchúiseacha ar chearta bunúsacha.
- 34 Baineann an dara agus an tríú sraith ceisteanna a tharchuir an chúirt a rinne an tarchur leis na coinníollacha substainteacha a bhfuil glacadh OIE faoina réir.
- 35 Tá an chúirt sin den tuairim, ar an gcéad dul síos, go gcomhlíonann OIE lena n-iarrtar rochtain ar shonraí a eascraíonn as teileachumarsáid a idircheapadh chun críocha ionchúisimh choiriúil na coinníollacha riachtanais agus comhréireachta, a leagtar amach in Airteagal 6(1)(a) de Threoir 2014/41, má tá, i gcoinne gach duine lena mbaineann, toimhde ann, bunaithe ar fhíorais shonracha, gur ghlac sé páirt i gcion tromchúiseach.

- 36 Ní aontaíonn an chúirt sin, le conclúid ordú Chúirt Bhreithiúnais na Cónaidhme an 2 Márta 2022, ar dá réir is leor cionta coiriúla iolracha –neamhshonraithe – a thoirimhde, chun OIEnna a ghlacadh. Bunaítear a hamhrais ar chásdlí na Cúirte a bhaineann le dlíthiúlacht sonraí a choinneáil, go háirithe na measúnuithe a bhaineann le comhréireacht, de réir bhrí Airteagal 15(1) de Threoir 2002/58, agus braitheann sí, chuige sin, ar bhreithiúnais an 2 Márta 2021, *Prokuratuur (Coinníollacha chun sonraí a bhaineann le cumarsáid leictreonach a rochtain)* (C-746/18, EU:C:2021:152, míreanna 39, 40 agus 50), agus an 5 Aibreán 2022, *Coimisinéir an Gharda Síochána agus páirtithe eile* (C-140/20, EU:C:2022:258, mír 44). I dtaca leis sin, ní féidir a shéanadh go ndéanfaí cosaint chearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann a ráthú go leordhóthanach faoi chuimsiú an nós imeachta náisiúnta le rialacha náisiúnta an nós imeachta coiriúil.
- 37 Spreag saincheist na comhréireachta OIE ceisteanna ar thaobh na cúirte a rinne an tarchur freisin i bhfianaise an chirt chun triail chóir a fháil a ráthaítear leis an dara mír d’Airteagal 47 den Chairt agus le hAirteagal 6(1) den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, a síníodh sa Róimh ar an 4 Samhain 1950. Leis an gceart sin, ceanglaítear ar pháirtí in imeachtaí breithiúnacha dlíthiúla deis cheart a bheith aige trácht a dhéanamh ar aon fhianaise. Tá feidhm aige sin go háirithe i gcás ina dtagann an fhianaise ó réimse teicniúil nach bhfuil saineolas ag an gcúirt inniúil ná ag an bpáirtí sna himeachtaí ann.
- 38 Ar an dara dul síos, meabhraíonn an chúirt a rinne an tarchur, i gcomhréir le hAirteagal 6(1)(b) de Threoir 2014/41, nach mór don údarás eisiúna athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeart a shonraítear san OIE i bhfianaise an dlí náisiúnta.
- 39 Mar sin féin, in ordú Chúirt Bhreithiúnais na Cónaidhme an 2 Márta 2022, chinn an chúirt sin nach raibh an fhoráil sin infheidhme maidir leis an gcás sna príomhimeachtaí. Ní dhírítear an fhoráil sin ach ar OIE atá ag iarraidh fianaise a bhailiú atá fós le cur i bhfeidhm. Ní bheadh feidhm aige maidir le OIE nach bhfuil beartaithe aige ach fianaise a bailíodh cheana féin a tharchur. Dá bhrí sin, bheadh an t-athbhreithniú ar an mbeart faoin dlí náisiúnta iomarcach.
- 40 Measann an chúirt a rinne an tarchur, a mhalairt, nach mór don údarás a eisióinn OIE, sa chás sin, athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeart imscrúdaitheach ba chúis le bailiú na sonraí i bhfianaise an dlí náisiúnta. I bhfocail eile, ní fhéadfadh an t-údarás sin, trí bhíthin OIE, fianaise arna bailiú sa Stát forghníomhaithe a iarraidh ach amháin dá mbeadh an beart imscrúdaitheach lenar bailíodh an fhianaise sin údaraithe sa Stát eisiúna i gcás náisiúnta inchomparáide.
- 41 Baineann an ceathrú sraith ceisteanna a chuir an chúirt a rinne an tarchur le léiriú Airteagal 31 de Threoir 2014/41.
- 42 Measann an chúirt sin, i gcás inar mian le Ballstát teileachumarsáid daoine ar chríoch na Gearmáine a idircheapadh, nach mór di, i gcomhréir leis an Airteagal sin, fógra a thabhairt d’údarás inniúil na Gearmáine faoin idircheapadh atá beartaithe sula gcuirfear tús le cur chun feidhme an bhirt nó a luaithe a bheidh sé ar an eolas faoin áit ina bhfuil na daoine sin.
- 43 In ordú na Cúirte Breithiúnais Cónaidhme an 2 Márta 2022, chuir an Chúirt Bhreithiúnais in amhras gurb ionann beart aisghabhála sonraí na Fraince agus ‘idircheapadh teileachumarsáide’ de réir bhrí Airteagal 31(1) de Threoir 2014/41. Tá a mhalairt de thuairim ag an gcúirt a rinne an tarchur. Measann sí gur cheart d’údarás imscrúdaithe na Fraince fógra a bheith tugtha d’údarás inniúil na Gearmáine faoin mbeart maidir le hinsíothlú fón póca Gearmánach atá feistithe le seirbhís EncroChat sular cuireadh an beart sin chun feidhme.

- 44 Cé go gcinntear dlínse chríche an údaráis sin le reachtaíocht na Gearmáine, ní shonraítear inti, áfach, an gá an fógra sin a chur chuig Landgericht (Cúirt Réigiúnach) nó chuig an ionchúisitheoir poiblí lena mbaineann. I ndáil leis sin, tá conspóid ann i gcásdlí na Gearmáine agus i litríocht dhlíthiúil na Gearmáine. Bheadh an chúirt a rinne an tarchur i bhfabhar an coincheap ‘údarás inniúil’, dá dtagraítear in Airteagal 31(1), de Threoir 2014/41 a léiriú sa chiall nach féidir léi ach comhlacht a ainmniú atá neamhspleách ar aon imscrúdú agus nach bhfuil leas aige sna sonraí chun críocha imscrúdaithe, is é sin le rá, cúirt.
- 45 Go deimhin, i gcás bearta trasteorann a dhéantar ar fud chríoch an Aontais agus a chuirtear chun feidhme ar mhaithe le leas comhuaineach roinnt Ballstát, cuirfean an coincheap ‘Ordú Imscrúdaithe Eorpach’, de réir bhrí Airteagal 2(c) de Threoir 2014/41, agus an ‘fógra’ dá dtagraítear in Airteagal 31 den treoir seo a bheith idirmhalartaithe den chuid is mó. Ba cheart, dá bhrí sin, comhfhogasú chumhachtaí na n-údarás atá freagrach as bearta den sórt sin a chothú.
- 46 Ina theannta sin, ceistíonn an chúirt a rinne an tarchur an cuspóir maidir le ceannasacht na mBallstát a chosaint, rud a shaothraítear in Airteagal 31 de Threoir 2014/41, i bhfianaise íogaireacht an-ard na trasnaíochta rúnda sa chumarsáid.
- 47 Baineann an cúigiú sraith ceisteanna a cuireadh leis na hiarmhairtí a bhaineann le sárú féideartha ar dhlí an Aontais maidir le prionsabail na coibhéise agus na héifeachtúlachta.
- 48 Tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire go bhfuil na cinntí náisiúnta a líomhnaítear a tugadh maidir le sonraí arna ndíorthú ó úsáid seirbhís EncroChat bunaithe ar an bprionsabal, de pháirt, go bhfuil na sonraí sin inúsáidte agus, den pháirt eile, i gcás inar féidir sárú a dhéanamh ar dhlí an Aontais, nach mór tosaíocht a thabhairt mar sin féin d’imeachtaí coiriúla i bhfianaise thromchúis na gcionta a shainaithnítear ar bhonn na sonraí sin.
- 49 Mar sin féin, cuireann an chúirt sin amhras in iúl maidir le comhréireacht an chur chuige sin le dlí an Aontais, go háirithe prionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta.
- 50 Maidir le prionsabal na coibhéise, tugann an chúirt sin dá haire, de réir rialacha na Gearmáine maidir le nós imeachta coiriúil, nach bhféadfaí úsáid a bhaint as na sonraí a bailíodh trí bhíthin beart cúléisteachta teileafóin a glacadh gan beann ar an dlínse atá forchoimeáda don chúirt maidir leis an ábhar agus in éagmais toimhde nithiúil ciona liostaithe.
- 51 Maidir le prionsabal na héifeachtachta, is léir ó bhreithiúnas an 2 Márta 2021, *Prokuratuur (Coinníollacha chun sonraí a bhaineann le cumarsáid leictreonach a rochtain)* (C-746/18, EU:C:2021:152, mír 43), go bhféadfaí an cuspóir maidir le cosc a chur ar fhaisnéis agus ar fhianaise a fhaightear go neamhdhleathach ó dhochar míchuí a dhéanamh do dhuine a bhfuil amhras ann go ndearna sé cionta coiriúla a bhaint amach ní hamháin trí thoirmeasc a chur ar úsáid na faisnéise agus na fianaise sin, ach freisin trína nádúr neamhdhleathach a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar an bhfianaise nó i gcomhthéacs chinneadh na pianbhreithe.
- 52 Dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, tagann an toirmeasc ar úsáid na fianaise sin go díreach ó phrionsabal éifeachtacht dhlí an Aontais. Tá feidhm ag an toirmeasc sin sna príomhimeachtaí ós rud é gur sáraíodh prionsabal ginearálta an chirt chun triail chóir a fháil ar roinnt bealaí agus, go háirithe, toisc nach féidir le saineolaí teicniúil na sonraí a d’iarr na horduithe imscrúdaithe Eorpacha a fhíorú mar gheall ar aicmiú ‘cosaint rúnda’ ar chuir údaráis na Fraince i bhfeidhm orthu.

- 53 Thairis sin, tá an chúirt sin ag teacht as breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2020, *La Quadrature du Net agus páirtithe eile* (C-511/18, C-512/18 agus C-520/18, EU:C:2020:791, mír 141); an 2 Márta 2021, *Prokuratuur (Coinníollacha chun sonraí a bhaineann le cumarsáid leictreonach a rochtain)* (C-746/18, EU:C:2021:152, mír 50); agus an 5 Aibreán 2022, *Coimisinéir an Gharda Síochána agus páirtithe eile* (C-140/20, EU:C:2022:258, mír 65), nach féidir leis an gcuspóir coir thromchúiseach a chomhrac údar a thabhairt le coinneáil ghinearálta agus neamh-idirdhealaitheach sonraí pearsanta. Ní féidir rochtain a fháil ina dhiaidh sin ar na sonraí sin a choinnítear go neamhdhleathach agus gan chúis, ag na húdaráis ionchúisimh, fiú más gá dóibh gníomhartha tromchúiseacha a shoiléiriú i gcás sonrath.
- 54 Sna himthosca seo, chinn an Landgericht Berlin (Cúirt Réigiúnach Bheirlín) bac a chur ar imeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais le haghaidh réamhrialú:
1. Maidir le léiriú ar an gcoincheap “údarás eisiúna” faoi Airteagal 6(1), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(c), de Threoir 2014/41/AE:
 - a) I dtaobh Ordú Imscrúdaithe Eorpach (“OIE”) chun fianaise atá ann cheana féin sa Stát forghníomhaitheach (sa chás seo, an Fhrainc) a fháil, an é nach mór don ordú sin a bheith eisithe ag breitheamh nuair a chaitear, faoi dhlí an Stáit eisiúna (sa chás seo, an Ghearmáin), i gcás inchomparáide baile, go ndéanfadh breitheamh bailiú na bunfianaise a ordú?
 - b) Mar mhalairt air sin, an mar sin atá, ar a laghad, i gcás inar thug an Stát forghníomhaitheach faoin mbunbheart i gcríoch an Stáit eisiúna agus an aidhm aige na sonraí arna mbailiú a chur ar fáil ina dhiaidh sin do na húdaráis imscrúdaithe sa Stát eisiúna chun críche imeachtaí coiriúla?
 - c) I dtaobh OIE chun fianaise a fháil, an é nach mór don ordú sin a bheith eisithe i gcónaí ag breitheamh (nó údarás neamhspleách nach bhfuil baint aige le himscrúduithe coiriúla), beag beann ar rialacha náisiúnta dlínse an Stáit eisiúna, nuair a bhaineann an beart le cur isteach tromchúiseach ar chearta bunúsacha ardchéime?
 2. Maidir le léiriú ar Airteagal 6(1)(a) de Threoir 2014/41:
 - a) An gcuirtear cosc le hAirteagal 6(1)(a) de Threoir 2014/41 ar OIE chun sonraí atá ar fáil cheana sa Stát eisiúna a aistriú, ar sonraí iad a fuarthas ó theileachumarsáid arna hidircheapadh – go háirithe sonraí tráchta agus suímh agus taifid d’inneachair cumarsáidí, i gcás inar bhain an t-idircheapadh arna dhéanamh ag an Stát eisiúna leis na húsáideoirí go léir atá suibscríofa le haghaidh seirbhís cumarsáide, ina n-iarrtar leis an OIE go ndéanfar na sonraí atá ar na gléasanna teirminéil arna n-úsáid i gcríoch an Stáit eisiúna a aistriú agus i gcás nach raibh aon fhianaise nithiúil ann i leith cionta coiriúla tromchúiseacha arna ndéanamh ag na húsáideoirí aonair sin nuair a ordaíodh an t-idircheapadh agus nuair a tugadh faoi nó nuair a eisíodh an OIE?
 - b) An gcuirtear cosc le hAirteagal 6(1)(a) den Treoir sin ar OIE den sórt sin i gcás nach féidir leis na húdaráis sa Stát eisiúna sláine na fianaise arna bailiú faoin mbeart idircheaptha a fhíorú mar gheall ar rúndacht uilechuimsitheach?
 3. Maidir le léiriú ar Airteagal 6(1)(b) de Threoir 2014/41:
 - a) An gcuirtear cosc le hAirteagal 6(1)(b) de Threoir 2014/41 ar OIE chun sonraí teileachumarsáide atá ar fáil cheana sa Stát forghníomhaitheach (an Fhrainc) a aistriú i gcás nach mbeadh cead le beart idircheaptha an Stáit fhorghníomhathigh, atá ina bhun do bhailiú na sonraí, faoi dhlí an Stáit eisiúna (an Ghearmáin) i gcás inchomparáide baile?
 - b) Mar mhalairt air sin: An é mar atá, ar aon chaoi, i gcás inar thug an Stát eisiúna faoin idircheapadh i gcríoch an Stáit eisiúna agus ar mhaithe leis?

- 4) Maidir le léiriú ar Airteagal 31(1) agus (3) de Threoir 2014/41
- An ionann beart lena n-insíothlaítear gléasanna teirminéil chun sonraí tráchta, suímh agus cumarsáide de chuid seirbhís teileachumarsáide atá bunaithe ar an idirlíon a bhailiú agus teileachumarsáid a idircheapadh de réir bhrí Airteagal 31 de Threoir 2014/41?
 - An é nach mór i gcónaí an fógra faoi Airteagal 31(1) de Threoir 2014/41 a chur in iúl do bhreitheamh nó an mar sin atá, ar a laghad, i gcás nach bhféadfadh, faoi dhlí an Stáit arna fhógairt (an Ghearmáin), ach breitheamh an beart atá beartaithe ag an Stát idircheaptha (an Fhrainc) a ordú i gcás inchomparáide baile?
 - A mhéid is go gcuirtear, le hAirteagal 31 de Threoir 2014/41, cosaint aonair ar fáil do theileachumarsáidí úsáideoirí lena mbaineann freisin, an mbaineann an chosaint sin freisin le húsáid na sonraí le haghaidh imeachtaí coiriúla sa Stát arna fhógairt (an Ghearmáin) agus, más ea, an bhfuil an luach céanna ag an gcuspóir sin leis an luach atá ag an gcuspóir eile arb é ceannasacht an Bhallstáit arna fhógairt a chosaint?
- 5) Iarmhairtí dlí ar bhailiú fianaise ar bhealach atá contrártha le dlí an Aontais
- I gcás ina bhfaightear fianaise de bhua OIE atá contrártha le dlí an Aontais, an bhféadfadh cosc ar úsáid fianaise a bheith ina thoradh díreach ar phrionsabal na héifeachtachta faoi dhlí an Aontais?
 - I gcás ina bhfaightear fianaise de bhua OIE atá contrártha le dlí an Aontais, an bhfuil cosc ar úsáid fianaise ina thoradh ar phrionsabal na coibhéise faoi dhlí an Aontais i gcás nár chóir go mbeadh an beart atá ina bhun do bhailiú na fianaise sa Stát eisiúna a ordú i gcás inchomparáide baile sa Stát eisiúna agus nach bhféadfaí an fhianaise a fuarthas de bhun beart náisiúnta mídhleathach a úsáid faoi dhlí an Stáit eisiúna?
 - An bhfuil sé contrártha le dlí an Aontais, go háirithe prionsabal na héifeachtachta, go dtabharfaí údar le húsáid fianaise in imeachtaí coiriúla, fianaise a fuarthas go contrártha le dlí an Aontais toisc go díreach nach raibh aon amhras faoi chion ann, mar gheall ar, i gcothromú leasanna, a thromchúisí is a bhí na cionta, nár tháinig chun solais go dtí go raibh anailís déanta ar an bhfianaise?
 - Mar mhalairt air sin: An leanann as dlí an Aontais, go háirithe prionsabal na héifeachtachta, nach bhféadfaí iarmhairtí a eisiaimh go hiomlán maidir le sárúithe ar dhlí an Aontais agus fianaise á bailiú in imeachtaí coiriúla náisiúnta, fiú i gcás cionta coiriúla tromchúiseacha, agus nach mór iad a chur san áireamh i bhfabhar an chúisí ar a laghad agus fianaise á meas nó pianbhreith á gearradh?

An nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais

- 55 D'iarr an chúirt a rinne an tarchur go gcuirfí an tarchur seo le haghaidh réamhrialú faoi réir an nós imeachta brostaithe dá bhforáiltear in Airteagal 105 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.
- 56 Mar thaca lena hiarratas, áitíonn sí nach mór déileáil leis an gcás sna príomhimeachtaí ar bhonn práinn ar leith. Cé nach bhfuil an barántas gabhála náisiúnta arna eisiúint i gcoinne M.N. á fhorghníomhú faoi láthair, d'fhéadfaí an barántas gabhála seo a chur ar neamhní dá ndéanfaí fadú inseachanta ar an nós imeachta atá inchurtha i leith an Stáit. Ina theannta sin, is díol spéise é cinneadh na Cúirte don iliomad imeachtaí comhchosúla atá ar feitheamh.

- 57 Foráiltear le hAirteagal 105(1) de na Rialacha Níos Imeachta, go bhféadfaidh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais a chinneadh, ar iarratas ón gcúirt a rinne an tarchur nó, go heisceachtúil, uaidh féin, i gcás go n-éilíonn nádúr an cháis go ndéileálfar leis laistigh d'achar gearr ama, tar éis dó an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, go gcuirfear nós imeachta brostaithe i bhfeidhm maidir le tarchur chun réamhrialú trí mhaolú ar fhorálacha na Rialacha sin.
- 58 Tá sé tábhachtach a choinneáil i gcuimhne, i ndáil leis sin, gur ionstraim nós imeachta é nós imeachta brostaithe den sórt sin a bheartaítear chun freagairt do phráinn urghnách (breithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Randstad Italia*, C-497/20, EU:C:2021:1037, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 59 Sa chás seo, chinn Uachtarán na Cúirte Breithiúnais, an 16 Samhain 2022, tar éis an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, diúltú don iarraidh dá dtagraítear i mír 55 den bhreithiúnas seo.
- 60 Ar an gcéad dul síos, ós rud é nach bhfuil M.N. faoi réir birt lena mbaineann cailleadh saoirse, ní leor an fíoras go gceanglaítear ar an gcúirt a rinne an tarchur gach iarracht a dhéanamh chun a áirithiú go réiteofar an cás sna príomhimeachtaí go tapa chun údar a thabhairt le nós imeachta brostaithe a úsáid de bhun Airteagal 105(1) de na Rialacha Níos Imeachta (féach, chuige sin, Orduithe Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2013, *Rabal Cañas*, C-392/13, EU:C:2013:877, mír 15, agus an 20 Meán Fómhair 2018, *an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais*, C-508/18 agus C-509/18, EU:C:2018:766, mír 13, agus breithiúnas an 13 Iúil 2023, *Ferrovienord*, C-363/21 agus C-364/21, EU:C:2023:563, mír 46).
